Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0043(NLE)**

**6848/23**
**ADD 1**

**COASI 47**
**ASIE 20**
**POLMAR 9**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 92 final Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile, i ndáil le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le Fochoiste speisialaithe um Chomhar Muirí a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 92 final Iarscríbhinn.

Faoi iamh: COM(2023) 92 final Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2023
COM(2023) 92 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile, i ndáil le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le Fochoiste speisialaithe um Chomhar Muirí a bhunú**

# IARSCRÍBHINN

**Cinneadh Uimh. [1]/2023 ó Chomhchoiste AE-na nOileán Filipíneach maidir le Fochoiste um Chomhar Muirí a bhunú agus na téarmaí tagartha ábhartha a ghlacadh**

TÁ COMHCHOISTE AE-OILEÁIN FHILIPÍNEACHA,

Ag féachaint don Chreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile, (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) agus go háirithe Airteagal 48(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile, (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) a thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2017/2414 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2017[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2018.

(2) Foráiltear le hAirteagal 48(3) den Chomhaontú gur féidir leis an gComhchoiste fochoistí speisialaithe a chur ar bun ar féidir leo cuidiú leis a chúraimí agus a dhualgais a chomhlíonadh agus go bhféadfaidh sé cinneadh a dhéanamh aon fhochoiste speisialaithe eile (amhail an Fochoiste um Chomhar Muirí) nó aon chomhlacht speisialaithe eile a chur ar bun ar féidir leis cuidiú leis an gComhchoiste a dhualgais a chomhlíonadh, agus cinnfidh sé comhdhéanamh agus dualgais na gcoistí nó na gcomhlachtaí sin agus an chaoi a bhfeidhmíonn siad.

(3) Is féidir fochoistí a bhunú chun go bhféadfar plé a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe maidir leis na príomhréimsí a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe.

(4) Bhunaigh an Comhchoiste liosta fochoistí agus ghlac sé a dtéarmaí tagartha lena Chinneadh Uimh. 2 [2020/02] an 28 Eanáir 2020.

(5) Le comhaontú breise ó na Páirtithe, is féidir liosta na bhfochoistí agus raon feidhme na bhfochoistí aonair a mhodhnú.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn má chomhaontaíonn an dá Pháirtí amhlaidh.

(7) Trí Fhochoiste speisialaithe nua um Chomhar Muirí a bhunú, d'éascófaí idirphlé tiomnaithe maidir le gach gné den chomhar muirí idir an tAontas agus na hOileáin Fhilipíneacha agus dhéanfaí cur chun feidhme éifeachtach na gclár um chomhar muirí idir na hOileáin Fhilipíneacha agus an tAontas a chur chun cinn.

(8) Na téarmaí tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn B a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2 [2020/02] an 28 Eanáir 2020 ón gComhchoiste, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir leis an bhFochoiste um Chomhar Muirí nuair a bhunófar é.

(9) Chun go mbeidh an fochoiste sin oibríochtúil go tráthúil, is gá an Cinneadh seo a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn,

---

[1] IO L 343, 22.12.2017, lch. 1.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal aonair*

1. Leis seo, bunaítear an Fochoiste um Chomhar Muirí.

2. Leis seo, leasaítear liosta na bhfochoistí a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2 [2020/02] ón gComhchoiste an 28 Eanáir 2020 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh seo.

3. Na téarmaí tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn B a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2 [2020/02] an 28 Eanáir 2020 ón gComhchoiste, beidh feidhm acu freisin maidir leis an bhFochoiste um Chomhar Muirí nuair a bhunófar é.

Arna dhéanamh i/in/sa/san …,

*Thar ceann Fhochoiste AE-na nOileán Filipíneach*
*An Cathaoirleach*

…

**Iarscríbhinn**

**Comhchoiste AE-na nOileán Filipíneach**

**Fochoistí Speisialaithe**

An Fochoiste um Chomhar um Fhorbairt

An Fochoiste um Thrádáil, Infheistíocht agus Comhar Eacnamaíoch

An Fochoiste um Dhea-Rialachas, um an Smacht Reachta agus um Chearta an Duine

An Fochoiste um Chomhar Muirí